GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsiú iarratais ar leasú a dhéanamh ar théarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona i gcomhréir le hAirteagail 28(3) agus 34 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint sonrúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta, lipéadú agus cur i láthair 'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein'

(2023/C 23/06)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart agóid a thaisceadh i gcomhréir le hAirteagail 22(1) agus 27(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún ([1]). Ní mór ráitis agóide a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 2 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

Iarratas ar leasú maidir leis an téarma traidisiúnta

'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein', 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein'

Dáta fála: 21 Iúil 2022

Líon na leathanach (an ceann seo san áireamh): 3

Teanga an iarratais ar leasú: Gearmáinis

Uimhir an chomhaid: Ares(2022)5310562

Téarmaí traidisiúnta a n-iarrtar an leasú ina leith: 'Landwein', 'Qualitätswein', 'Kabinett/Kabinettwein', 'Spätlese/Spätlesewein', 'Auslese/Auslesewein', 'Strohwein', 'Schilfwein', 'Eiswein', 'Ausbruch/Ausbruchwein' 'Trockenbeerenauslese', 'Beerenauslese/Beerenauslesewein'.

Iarratasóir: Bundesministerium für Land- und Forstwirtschaft, Regionen und Wasserwirtschaft

Seoladh iomlán (uimhir an tí agus ainm na sráide, cód poist agus baile, tír):

Stubenring 1
1010 Wien
Österreich

Náisiúntacht: Ostarach

Teileafón, facs, ríomhphost:

Teil. +43 171100602840

Seoladh Ríomhphoist abt-27@bml.gv.at

([1]) OJ L 9, 11.1.2019, lch. 46.

Tuairisc ar an leasú: Scriosadh an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir ón sainmhíniú ar na téarmaí traidisiúnta thuasluaite.

Míniú ar na cúiseanna atá leis an leasú: Cosnaíonn an Ostair na téarmaí traidisiúnta “Landwein”, “Qualitätswein”, “Kabinett/Kabinettwein”, “Spätlese/Spätlesewein”, “Auslese/Auslesewein”, “Strohwein”, “Schilfwein”, “Eiswein”, “Ausbruch/Ausbruchwein”, “Trockenbeerenauslese” agus “Beerenauslesewein” le Dlí Fhíon na hOstaire an 17 Samhain 2009 ([2]). Faoi láthair, leis na téarmaí sin sonraítear uastáirgeacht 9 000 kg/ha. Is in éineacht le sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint amháin is féidir téarmaí traidisiúnta a úsáid, áfach, agus ní mór uastáirgeacht a a bheith sainithe ina sonraíochtaí sin cheana. Is iomchuí, dá bhrí sin, an uastáirgeacht a luaitear sa sainmhíniú ar na téarmaí traidisiúnta thuasluaite a scriosadh.

Ainm an tsínitheora: Bundesministerium für Land- und Forstwirtschaft, Regionen und Wasserwirtschaft

([2]) Bundesgesetz über den Verkehr mit Wein und Obstwein (Weingesetz 2009).